Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16693/25**

**ECOFIN 1721**
**UEM 628**
**FIN 1545**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16440/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Tacaíocht RRF do thimpeallacht ghnó níos fearr |

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta do thimpeallacht ghnó fheabhsaithe – Ní thugtar aghaidh ach go páirteach ar mholtaí tírshonracha, ach rannchuidigh roinnt de na chéad torthaí le dul chun cinn a dhéanamh maidir lena gcur chun feidhme' a ghlac an Chomhairle ag an 4147ú cruinniú a bhí aici an 16 Nollaig 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascálacha speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**Uimh. 21/2025 'Tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta do thimpeallacht ghnó fheabhsaithe - Ní thugtar aghaidh ach go páirteach ar mholtaí tírshonracha, ach rannchuidigh roinnt de na chéad torthaí le dul chun cinn a dhéanamh maidir lena gcur chun feidhme'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta Uimh. 21/2025 (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta), meabhraítear di go dtugtar an cúram don Chúirt leis na Conarthaí scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncam agus chaiteachas uile an Aontais, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról na Cúirte maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh in iniúchadh na Cúirte an tréimhse ó mhí Feabhra 2020 go dtí mí Aibreáin 2025 agus rinneadh measúnú ann féachaint ar rannchuidigh bearta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an timpeallacht ghnó a sainaithníodh le linn an tSeimeastair Eorpaigh agus a léirítear sna Moltaí Tírshonracha.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil speisialta agus MEASANN SÍ gurb ionann trí cinn de na ceithre mholadh agus na cinn a bhí i dtuarascáil speisialta Uimh. 10/2025 roimhe seo maidir le hathchóirithe ar an margadh saothair faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte, ina n-aithnítear ról na hionstraime maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha a dhreasú agus MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir le Rialachán STA, go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar na moltaí tírshonracha uile nó ar fhothacar suntasach díobh gan ceangal a bheith orthu díriú ar réimsí beartais ar leith a bhaineann le moltaí tírshonracha.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ón gCoimisiún ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte. TUGANN SÍ FAOI DEARA go leagtar amach freagraí an Choimisiúin ar thrí cinn de na ceithre mholadh ina fhreagraí ar thuarascáil speisialta Uimh. 10/2025 maidir le hathchóirithe ar mhargadh saothair STA, agus MEABHRAÍTEAR DI a conclúidí féin an 12 Meitheamh 2025 inar tugadh aghaidh cheana féin ar na moltaí lena mbaineann.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ghlac an Coimisiún go páirteach leis an moladh ón gCúirt an coincheap 'réimse beartais' a úsáid go comhleanúnach agus go comhsheasmhach ar fud ionstraimí an Aontais agus an tSeimeastair Eorpaigh agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-ailíniú atá beartaithe ar tháscairí feidhmíochta do chláir an Aontais faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile[1].

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme chineál feidhmíochtbhunaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus MEASANN SÍ go dtugtar léargais úsáideacha i gconclúidí agus i moltaí na Cúirte maidir le ceapadh ionstraimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, áfach, nár cheart go ndéanfadh na torthaí ná na moltaí réamhbhreith ar an bplé ar an gcéad CAI eile.

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta chun feidhme go pras i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana.

---

[1] Freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar Thuarascáil Speisialta Uimh. 21/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: [Tacaíocht RRF do thimpeallacht ghnó níos fearr](#).